BALLYBOFEY-STRANORLAR FLOOD RELIEF SCHEME
Comhairle Contae Dhún na nGall Donegal County Council
Tionscadal Éireann Project Ireland 2040
OPW Oifig na nOibreacha Poiblí Office of Public Works

# Baile Féich - Srath an Urláir Scéim Cosanta Tuilte



Nuachtlitir Iúil 2024

SAN EAGRÁN SEO

Samhaltú Hiodrálach
Leathanach 2
Imscrúduithe Talún
Leathanach 3
Measúnuithe Comhshaoil
Leathanach 4
An Chéad Chéim Eile
Leathanach 5

## Forléargas is Déanaí

Seo an deichiú nuachtlitir do Scéim Cosanta Tuilte Bealach Féich-Srath an Urláir. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí a rinneadh ó foilsíodh an nuachtlitir dheiridh áirítear cur i gcrích na tuarascála um shamhail hiodrálach agus tuilleadh measúnaithe ar an talamh.

# Samhaltú Hiodrálach

Críochnaíodh an tógáil samhaltú hiodrálach do Bhealach Féich-Srath an Urláir agus úsáideadh é le cásanna éagsúla tuilte a dhéanamh le haghaidh tarluithe reatha agus amach anseo. Tá rití calabraithe ar an tsamhail tugtha chun críche fosta. Léirigh sé seo go bhfuil gá le calabrú breise níos mionsonraithe agus tá an obair seo ag dul ar aghaidh.

A luaithe agus a bheidh calabrú oiriúnach bainte amach, déanfar na ritheanna samhaltaithe dearaidh a insamhlú agus aithneoidh na torthaí gach réadmhaoin atá i mbaol tuilte i limistéar na scéime. Cuirfidh sé seo leis an mheasúnú roghanna don scéim leis an scéim roghnaithe a chinneadh.



*An Fhinn*

# Imscrúduithe Talún

Tá doiciméid tairisceana ullmhaithe d’obair imscrúduithe suímh ar fud limistéar scéime Bealach Féich -Srath an Urláir le coinníollacha talún a chinneadh le haghaidh bearta cosanta tuilte féideartha. Áirítear le scóip an chonartha claiseanna trialacha, trinsí scoilte, poill tóraíochta cnagchábla agus cóiriú rothlach agus tá sé á athbhreithniú ag Comhairle Contae Dhún na nGall agus Oifig na nOibreacha Poiblí agus déanfar é a fhógairt don mhargadh in am trátha.

I ndiaidh an phróisis tairisceana ceapfar conraitheoir go luath ina dhiaidh sin leis an conradh a stiúradh. Socróidh agus comhaontóidh foireann an tionscadail bealaí rochtana sula dtabharfar faoi na himscrúduithe talún. Cinnfidh an obair seo na coinníollacha foriomlána i limistéar na scéime agus cuirfear eolas ar fáil do shuíomh na n-oibreacha agus na bhfeabhsuithe féideartha atá aitheanta mar chuid den scéim faoisimh tuilte.

# Gníomhaíochtaí Comhshaoil

## Suirbhéanna Speisialtóra

Tá na suirbhéanna comhshaoil bonnlíne speisialaithe do Scéim Cosanta Tuilte Bealach Féich-Srath an Urláir tugtha chun críche faoi láthair. Tabharfar faoi shuirbhéanna breise nuair a bheidh na bearta cosanta tuilte sainaitheanta.

D'aithin Ayesa suirbhéanna breise éiceolaíochta atá de dhíth le hailíniú le riachtanais phleanála agus tá siad sceidealaithe do Shamhradh 2025, lena n-áirítear:

- Suirbhé ar Sciatháin Leathair
- Suirbhé ar Dhobharchúnna
- Suirbhé ar Éin Ghoir

## Réitigh Dhúlra-bhunaithe

Críochnaíodh léarscáiliú dobharcheantair agus rinneadh forbairt air le measúnú féidearthachta a dhéanamh ar chineálacha sonracha Réitigh Dhúlra (NbS) a chur i bhfeidhm le riosca tuilte a laghdú i limistéar na scéime.

I measc samplaí de NbS ar leith tá:

- Dobharcheantar/ Tuilemhá/ Coillearnach Bhruachánach
- Bogaigh nach bhfuil sa tuilemhá
- Gaistí dríodair de dhroim talún
- Athchóiriú bhruach na habhann
- Struchtúir insrutha nádúrtha

Rachaidh beart inmharthana ar aghaidh go dtí tuilleadh anailíse agus comhtháthú féideartha le dearadh na scéime deiridh.

# An Chéad Chéim Eile

Sna míonna atá amach romhainn, beidh Foireann an Tionscadail ag obair ar:

- **Gníomhaíochtaí calabraithe a chur i gcrích don tsamhaltú**
- **Sraitheanna dearadh samhaltaithe hiodrálach le réadmhaoin atá i mbaol a shuíomh**
- **Tús a chur le forbairt roghanna do limistéir ina bhfuil baol tuilte.**
- **Conradh um Imscrúduithe Talún**

# Déan Teagmháil Linn

**Más mian leat teagmháil a dhéanamh lenár bhFoireann Tionscadail faoi aon ábhar a bhaineann le Scéim Cosanta Tuilte Bhealach Féich-Srath an Urláir is féidir leat é sin a dhéanamh ar an dóigh seo a leanas:**

## Ríomhphost

Ballybofey-StranorlarFRS@Ayesa.com

## Post

Bainisteoir Tionscadail FRS Bhealach Féich-Srath an Urláir
Ayesa
Foirgnimh 2100
Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí
Bóthar Chionn tSáile
Corcaigh

## Guthán

+353 (0) 21 240 7988

**Más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoin Scéim lena n-áirítear an clár,**